2026/2195

29.9.2026

CINNEADH (CBES) 2026/2195 ÓN gCOMHAIRLE

an 28 Meán Fómhair 2026

maidir le hOllstruchtúr Freagartha an Aontais Eorpaigh ar Bhagairtí Spáis (STRA) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2021/698

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 28 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I bhfianaise thábhacht straitéiseach an spáis, is gá aghaidh a thabhairt, mar Eorpaigh, ar na dúshláin atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo i réimse an spáis.

(2) Sa lá atá inniu ann, ní féidir déanamh d'uireasa teicneolaíocht, sonraí ná seirbhísí spáis i sochaithe agus geilleagair na hEorpa ná i saol laethúil mhuintir na hEorpa. Le sonraí agus seirbhísí teicneolaíochta spáis spreagtar taighde, forbairt theicneolaíoch agus nuálaíocht, cruthaítear deiseanna fostaíochta agus fás eacnamaíoch, cuirtear le hiomaíochas na hEorpa, tacaítear leis an aistriú glas agus an aistriú digiteach, cosnaítear agus coimircítear an tAontas agus a chuid saoránach, agus feabhsaítear athléimneacht agus slándáil an Aontais.

(3) Is réimse é an cianspás atá ag éirí níos plódaithe agus níos iomaíche agus ina bhfuil méadú ag teacht ar na dúshláin a chuirtear faoin ord idirnáisiúnta atá bunaithe ar an dlí idirnáisiúnta agus ar an smacht reachta le blianta beaga anuas, rud a mhéadaigh an baol go mbeidh éifeachtaí iarmhartacha ann ar shaoránaigh, eagraíochtaí, tionscail agus gnólachtaí na hEorpa.

(4) D'fhéadfaí bac a chur ar sheirbhísí riachtanacha spáis de dheasca iompraíocht mhífhreagrach naimhdeach sa spás, lena n-áirítear iarrachtaí ar bhonneagar, córais agus seirbhísí spáis a imscaradh, nó ar bheith ag cur isteach orthu, nó ar iad a ionramháil, a shuaitheadh nó a scriosadh. D'fhéadfadh na hiompraíochtaí mífhreagracha naimhdeacha sa spás an bonn a bhaint de shábháilteacht agus slándáil an Aontais, na mBallstát agus na saoránach, agus dá slándáil eacnamaíoch, dochar a dhéanamh do sheirbhísí bunriachtanacha, lena n-áirítear seirbhísí a thacaíonn le hinstitiúidí agus próisis dhaonlathacha, agus an tslándáil agus an chobhsaíocht idirnáisiúnta a chur i mbaol.

(5) Agus leas á bhaint as an taithí a fuarthas le blianta beaga anuas agus Cinneadh (CBES) 2021/698 ón gComhairle ([1]) á chur chun feidhme, is gá, dá bhrí sin, Ollstruchtúr Freagartha an Aontais Eorpaigh ar Bhagairtí Spáis a threisiú le freagairtí breise agus a raon feidhme a leathnú chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí nua i réimse an spáis.

(6) Agus bagairtí spáis á sainiú, is gá breithniú a dhéanamh ar bhagairtí a eascraíonn as córais spáis, lena n-áirítear córais spáis arna n-oibriú ag tríú stáit nó ag cuideachtaí tráchtála, chomh maith le bagairtí ar sheirbhísí riachtanacha spáis arna soláthar san Aontas.

([1]) Cinneadh (CBES) 2021/698 ón gComhairle an 30 Aibreán 2021 maidir le slándáil na gcóras agus na seirbhísí a imscartar, a oibrítear agus a úsáidtear faoi Chlár Spáis an Aontais agus faoi Chlár an Aontais um Nascacht Shlán agus a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do shlándáil an Aontais, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/496/CBES (IO L 170, 12.5.2021, lch. 178, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2021/698/oj).

(7) Nuair a bhíonn aghaidh á tabhairt ar bhagairtí i réimse an spáis, is gá breithniú a dhéanamh ar na gnéithe uile atá ábhartha d'fheidhmiú na gcóras spáis agus don soláthar seirbhísí spásbhunaithe san Aontas agus sna Ballstáit, mar shampla, timpeallacht an chianspáis, na fithisí agus na spásárthaí ábhartha éagsúla, agus faisnéis ghaolmhar a bhreithniú maidir leis na córais lena mbaineann na córais spáis, an bonneagar talún agus lainseála, naisc radaimhinicíochta, teirminéil úsáideoirí agus an cibir-réimse. Is gá an earnáil thionsclaíoch spáis is bonn leis an méid sin a chur san áireamh freisin.

(8) Feidhmíonn an Anailís rúnaicmithe ar Thimpeallacht na mBagairtí Spáis, arna soláthar ag an Acmhainneacht Aonair Anailíse Faisnéise (SIAC), mar phointe tagartha agus tíopeolaíocht na mbagairtí spáis á sainaithint. Déantar an Anailís ar Thimpeallacht na Bagartha Spáis a chomhlánú le faisnéis neas-fhíorama um fheasacht ar réimse an spáis, arna soláthar ar bhonn deonach ag ceannasaíochtaí spáis na mBallstát, agus ag ionaid faireacháin slándála ábhartha Chlár Spáis an Aontais.

(9) Aon fhaisnéis nó saineolas maidir le cibé acu atá nó nach bhfuil teagmhas a bhaineann le córas nó seirbhís spáis ina bhagairt spáis ar an Aontas nó ar na Ballstáit, lena n-áirítear ar chórais nó seirbhísí spáis, ba cheart d'eintitis agus gníomhaireachtaí ábhartha an Chomhbheartais Eachtrach agus Slándála (CBES), lena n-áirítear SIAC, ag Gníomhaireacht an Aontais um an gClár Spáis ('an Ghníomhaireacht') nó ag an struchtúr ábhartha arna ainmniú chun faireachán a dhéanamh ar shlándáil chórais arna chur ar bun, nó ar shlándáil seirbhíse arna soláthar, faoi chomhpháirt de Chlár Spáis an Aontais de bhun Airteagal 34(4) de Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) ('am struchtúr faireacháin slándála arna cheapadh'), ag na Ballstáit nó ag an gCoimisiún, ba cheart do cheann acu sin an fhaisnéis nó an saineolas sin a thabhairt don Chomhairle agus d'Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí'). Ina theannta sin, ba cheart tríú stáit agus eagraíochtaí idirnáisiúnta, ar nós ECAT, a spreagadh freisin chun tacú le hanailís riosca arna déanamh ag an Aontas.

(10) Ba cheart soiléiriú a dhéanamh ar na róil a bheidh ag an gComhairle, ag an Ardionadaí, ag eintitis agus gníomhaireachtaí ábhartha CBES, ag an nGníomhaireacht, ag aon struchtúr faireacháin slándála arna cheapadh agus ag na Ballstáit faoi seach sa slabhra freagrachtaí oibríochtúla atá le cur ar bun chun bagairt spáis a fhreagairt.

(11) Is é cinneadh ceannasach deonach gach Ballstáit, nó grúpa Ballstát ag gníomhú dóibh go comhpháirteach, é a mholadh go ngníomhachtófaí STRA i gcás bagairt ar a shlándáil nó ar a slándáil, lena n-áirítear ar a chríoch nó gcríoch nó ar chórais agus seirbhísí spáis agus acmhainneachtaí ábhartha eile atá faoina údarás nó faoina rialú díreach.

(12) Is gá freagairt an Aontais ar bhagairtí spáis a chomhordú leis na Ballstáit, agus urraim á tabhairt inniúlachtaí náisiúnta na mBallstát agus gan dochar do cháilíocht shonrach beartais slándála agus cosanta Ballstát áirithe.

(13) I gcásanna práinneacha, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá leis an gcéad fhreagairt laistigh de chúpla uair an chloig tar éis don Ardionadaí a bheith curtha ar an eolas faoi bhagairt spáis. Mura bhfágann na himthosca gur féidir leis an gComhairle cinneadh a dhéanamh maidir le freagairt den sórt sin, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Ardionadaí freagairt shealadach amháin nó níos mó a chinneadh. Sna himthosca sin, ba cheart an Chomhairle a chur ar an eolas láithreach agus ba cheart di cinneadh an Ardionadaí maidir leis na freagairtí sealadacha a athbhreithniú a luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná 4 seachtaine tar éis ghlacadh na freagartha sealadaí.

(14) Ach na hiarmhairtí is dócha a bheidh ag freagairt ón Aontas ar bhagairtí spáis a chur in iúl go soiléir, imrítear tionchar ar iompraíocht ionsaitheoirí féideartha, agus treisítear slándáil an Aontais agus a Bhallstát ar an gcaoi sin.

(15) Leis an gCinneadh seo, bunaítear bosca uirlisí atá tiomnaithe don tslándáil spáis chun go bhféadfaidh freagairt ón Aontas maidir le hiompraíocht mhífhreagrach naimhdeach i réimse an spáis a thabhairt, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit.

([2]) Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE (IO L 170, 12.5.2021, lch. 69, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/696/oj).

(16) Is comhlánú é an bosca uirlisí slándála spáis ar na creataí slándála a bunaíodh cheana i réimsí straitéiseacha eile agus go háirithe bosca uirlisí na cibearthaidhleoireachta agus an bosca uirlisí hibrideach, agus cuirtear an taithí a fuarthas ó bhunú na mboscaí uirlisí san áireamh ann.

(17) D'fhéadfadh réimse bagairtí féideartha ar shlándáil agus leasanna bunriachtanacha an Aontais agus a Bhallstát éirí as imscaradh, oibriú agus úsáid gach ceann de na comhpháirteanna de Chlár Spáis an Aontais agus as an gClár um Nascacht Shlán an Aontais. Is iomchuí, dá bhrí sin, freagairt go sonrach ar na bagairtí ar na córais agus na seirbhísí arna gcur ar bun faoi na cláir agus na comhpháirteanna sin, ar chinn cumraíocht slándála an choiste arna bhunú faoi Airteagal 107(1), pointe (e), de Rialachán (AE) 2021/696 go bhfuil siad íogair ó thaobh na slándála de, agus na difríochtaí idir na comhpháirteanna de na cláir á gcur san áireamh, go háirithe a mhéid a bhaineann le húdarás agus rialú na mBallstát maidir le braiteoirí, córais nó acmhainneachtaí eile is ábhartha do na cláir.

(18) Ba cheart don Chinneadh seo freagrachtaí na Comhairle agus an Ardionadaí a leagan amach chun bagairtí a éireoidh as imscaradh, oibriú agus úsáid córas agus seirbhísí a bhaineann leis spás a chur ó dhoras, nó i gcás ina mbeadh bagairt ann ar na córais nó na seirbhísí sin. Ba cheart na freagrachtaí sin a chur chun feidhme gan difear a dhéanamh don fhreagracht fhoriomlán atá ar an gCoimisiún as cláir a chur chun feidhme, lena n-áirítear i réimse na slándála, freagracht mar a leagtar amach in Airteagal 28 de Rialachán (AE) 2021/696 agus le hAirteagal 30 de Rialachán (AE) 2023/588 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]).

(19) I gcomhréir le hAirteagal 34(5), pointe (b) de Rialachán (AE) 2021/696, tá an Ghníomhaireacht, laistigh dá réimse freagrachta, le hoibriú Ionad Faireacháin Slándála Galileo (IFSG) a áirithiú i gcomhréir leis na ceanglais dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal sin agus le hoibriú GSMC a áirithiú i gcomhréir leis na treoracha arna bhforbairt faoi raon feidhme an Chinnidh seo. I gcomhréir le hAirteagal 79(1), pointe (j), de Rialachán (AE) 2021/696, áiritheoidh Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta go bhféadfaidh an Ghníomhaireacht, mar oibreoir IFSG, freagairt ar threoracha a sholáthraítear faoin gCinneadh seo.

(20) Tá na struchtúir faireacháin slándála arna gceapadh oibriú i gcomhréir leis na ceanglais slándála dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 34(2) de Rialachán (AE) 2021/696 sin agus ba cheart dóibh oibriú i gcomhréir leis na treoracha a forbraíodh faoin gCinneadh seo.

(21) Is féidir le tionchar díreach a bheith ag bagairtí spáis ar fheidhmiú oibríochtaí agus mhisin an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta (CBSC). I gcás inarb ábhartha, ba cheart don Cheannasaí Fórsa, don Cheannasaí Misin nó don Cheann Misin a bheith in ann an ghníomhaíocht is gá a dhéanamh faoi chuimsiú shainordú na hoibríochta nó an mhisin chun bagairtí spáis a eascraíonn as limistéar oibríochta na hoibríochta nó an mhisin sin a mhaolú, i gcomhréir leis na coincheapa ábhartha. Féadfaidh an Ceannasaí Fórsa, an Ceannasaí Misin nó an Ceann Misin tairbhe a bhaint as Bosca Uirlisí Slándála Spáis an Aontais freisin. Chuige sin, is gá idirghníomhaíocht chuí a bhunú idir na misin agus na hoibríochtaí sin agus na gníomhaithe ábhartha in STRA.

(22) Chun gur féidir le freagairt ón Aontas tapa comhleanúnacha éifeachtacha a thabhairt ar bhagairtí spáis, go háirithe i gcás práinneach ina n-éilítear gníomhaíocht láithreach, is gá nósanna imeachta oibríochtúla a comhaontaíodh roimh ré a bhunú chun an Cinneadh seo a chur chun feidhme go praiticiúil, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, treoracha réamhshainithe chun tacú le freagairt sealadach ón Aontas arna nglacadh i gcomhréir leis an gCinneadh seo.

(23) Is den ríthábhacht comhpháirtíochtaí seachtracha a bheith ann chun fís choiteann a chur chun cinn maidir le hiompraíocht shíochánta fhreagrach sa spás agus chun feabhas a chur ar an bhfreagairt ar bhagairtí spáis.

([3]) Rialachán (AE) 2023/588 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2023 lena mbunaítear Clár an Aontais um Nascacht Shlán le haghaidh na tréimhse 2023–2027 (IO L 79, 17.3.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/588/oj).

(24) Ba cheart leas a dhéanamh do STAR trí chomhar méadaithe idir an tAontas agus ECAT i réimse an spáis, agus lánurraim á tabhairt do na treoirphrionsabail a comhaontaíodh, mar atá, oscailteacht agus trédhearcacht fhrithpháirteach, cómhalartacht agus cuimsitheacht, chomh maith le neamhspleáchas cinnteoireachta an dá eagraíocht, agus aird á tabhairt ar a thábhachtaí atá sé dúbláit neamhriachtanach a sheachaint agus comhleanúnachas agus idir-inoibritheacht a chaomhnú idir an dá eagraíocht,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar

1. Leis an gCinneadh seo, bunaítear Ollstruchtúr Freagartha an Aontais Eorpaigh ar Bhagairtí Spáis mar shásra chun bagairtí spáis a fhreagairt. Leagtar amach sa Chinneadh seo na freagrachtaí atá le comhlíonadh ag an gComhairle agus ag Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí') maidir le bagairtí spáis.

2. Chun críche an Chinnidh seo, ciallaíonn bagairtí spáis mar a leanas:

(a) bagairt ar shlándáil an Aontais nó ar shlándáil ceann amháin nó níos mó dá Bhallstáit, a eascraíonn as imscaradh, oibriú nó úsáid aon chórais spáis; nó

(b) bagairt ar oibriú aon chórais spáis nó ar sholáthar aon seirbhíse spáis, a ndéanfadh a shéanadh nó a shuaitheadh dochar do leasanna bunúsacha an Aontais nó do leasanna bunúsacha ceann amháin nó níos mó dá Bhallstáit.

3. Féadfar STRA a úsáid chun an méid a leanas a fhreagairt:

(a) bagairt ar shlándáil Ballstát aonair nó grúpa Ballstát, lena n-áirítear chuig an chríoch, ar chórais agus seirbhísí spáis agus ar acmhainneachtaí ábhartha eile atá faoina n-údarás nó faoina rialú Ballstáit nó grúpa Ballstát, nó

(b) bagairt a eascraíonn as imscaradh, oibriú nó úsáid an chórais arna chur ar bun agus na seirbhísí arna soláthar faoi chomhpháirteanna Chlár Spáis an Aontais nó Chlár an Aontais um Nascacht Shlán, nó bagairt ar oibriú aon cheann de na córais sin nó ar sholáthar na seirbhísí sin.

ROINN 1

SÁSRA STRA

Airteagal 2

Feasacht

1. I gcás bagairt spáis, cuirfidh na Ballstáit, an Coimisiún, eintitis agus gníomhaireachtaí ábhartha an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála (CBES), oibríochtaí agus misin ábhartha an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta (CBSC), Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis ('an Ghníomhaireacht') nó aon struchtúr faireacháin slándála arna cheapadh i gcomhréir le hAirteagal 34(4) de Rialachán (AE) 2021/696 ('an struchtúr faireacháin slándála arna cheapadh') an tArdionadaí ar an eolas láithreach, de réir mar is iomchuí, faoin bhfaisnéis uile a bhfuil teacht aige nó acu orthu a mheasann sé nó siad a bheith ábhartha.

2. Cuirfidh an tArdionadaí an Chomhairle ar an eolas láithreach faoin mbagairt spáis agus faoin tionchar féideartha ar shlándáil an Aontais nó ar shlándáil ceann amháin nó níos mó dá Bhallstáit agus ar oibriú na gcóras nó ar sholáthar na seirbhísí lena mbaineann.

Airteagal 3

Freagairt a thionscnamh

1. I gcás bagairt spáis a leagtar amach in Airteagal 1(3), pointe (a), den Chinneadh seo, féadfaidh an Ballstát nó an grúpa Ballstát lena mbaineann, ag gníomhú dó go comhpháirteach, a iarraidh ar an Ardionadaí togra le haghaidh freagairt ón Aontas a chur faoi bhráid na Comhairle. Soláthróidh an Ballstát nó grúpa Ballstát lena mbaineann an tArdionadaí ar an eolas ábhartha, lena n-áirítear an fhreagairt atá beartaithe aige nó acu, faoi na bearta arna ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an mbagairt spáis, agus faisnéis faoin tionchar a mheastar a bheidh ag na bearta sin. Féadfaidh an tArdionadaí togra le haghaidh freagairt ón Aontas a chur faoi bhráid na Comhairle, i ndlúthchomhar leis an mBallstát nó leis an ngrúpa Ballstát lena mbaineann.

2. I gcás bagairt spáis a leagtar amach Airteagal 1(3)(b) den Chinneadh seo, cuirfidh an tArdionadaí togra faoi bhráid na Comhairle maidir le freagairt ón Aontas. Féadfaidh ceann amháin nó níos mó de na bearta dá bhforáiltear in Airteagail 5 go 9 ('bosca uirlisí slándála spáis') a bheith sa fhreagairt ón Aontas.

3. Áireofar sa togra ón Ardionadaí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 measúnú tionchair ar an bhfhreagairt ón Aontas atá beartaithe.

4. Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón Ardionadaí, an fhreagairt ón Aontais atá beartaithe a chinneadh.

5. Tabharfaidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála tuairim don Chomhairle maidir leis an bhfreagairt ón Aontais atá beartaithe, mar is iomchuí.

Airteagal 4

An Staid Phráinneach

1. I gcás inar gá gníomhú láithreach de bharr práinne sula mbeidh cinneadh déanta ag an gComhairle faoi Airteagal 3(4), údaraítear don Ardionadaí freagairt shealadach ón Aontas a ghlacadh. Féadfaidh an tArdionadaí treoir a thabhairt d'Ardrúnaí na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) na treoracha sin a eisiúint chuig an nGníomhaireacht nó bearta iomchuí eile a dhéanamh.

2. Cuirfidh an tArdionadaí an Chomhairle agus an Coimisiún ar an eolas láithreach faoi aon fhreagairt shealadach ón Aontas arna glacadh de bhun mhír 1 agus cuirfidh sé an fhaisnéis ábhartha faoi phráinn an cháis ar fáil don Chomhairle.

3. Coinneoidh an tArdionadaí an fhreagairt shealadach ón Aontas faoi bhreithniú i gcónaí, leasóidh sé í mar is gá nó cúlghairfidh sé í i gcás nach gá gníomhú láithreach a thuilleadh.

4. Déanfaidh an an fhreagairt shealadach ón Aontas a dhearbhú, a mhodhnú nó a chúlghairm a luaithe is féidir, agus tráth nach déanaí ná 4 seachtaine tar éis ghlacadh na freagartha sealadaí ón Aontas.

ROINN 2

BOSCA UIRLISÍ SLÁNDÁLA SPÁIS

Airteagal 5

Freagairtí taidhleoireachta

1. I gcás bagairt spáis, féadfaidh an tArdionadaí a mholadh go nglacfaí an fhreagairt ón Aontais lena bhféadfaí a áireamh, *inter alia*, teagmhálacha a bhunú le tríú Stáit nó le heagraíochtaí idirnáisiúnta, beart a dhéanamh (*démarche*) i leith tríú Stát amháin nó níos mó, ráiteas a eisiúint thar ceann an Aontais nó feachtas taidhleoireachta a sheoladh.

2. Déanfaidh SEGS measúnú ar an tionchar níos leithne is dócha a bheidh ag an bhfreagairt a bheartóidh an tArdionadaí a mholadh don Chomhairle de bhun mhír 1.

Airteagal 6

Freagairtí teicniúla atá nasctha le Clár Spáis an Aontais agus Clár an Aontais um Nascacht Shlán

1. I gcás bagairt spáis a eascraíonn as imscaradh, oibriú nó úsáid na gcóras arna gcur ar bun agus na seirbhísí arna soláthar faoi chomhpháirteanna Chlár Spáis an Aontais nó an Chláir um Nascacht Shlán, nó atá nasctha leis an méid sin, féadfaidh an tArdionadaí beart teicniúil a mholadh trí threoir a thabhairt don Ghníomhaireacht nó don struchtúr faireacháin slándála ábhartha arna cheapadh.

2. Tabharfaidh an Ghníomhaireacht nó an struchtúr faireacháin slándála ábhartha arna cheapadh agus an Coimisiún comhairle don Ardionadaí maidir leis an tionchar níos leithne is dócha a bheidh ag aon treoracha a bheartóidh an tArdionadaí a mholadh don Chomhairle de bhun mhír 1 ar na córais arna gcur ar bun agus ar na seirbhísí arna soláthar faoi Chlár Spáis an Aontais agus a chomhpháirteanna agus faoin gClár um Nascacht Shlán.

3. Iarrfaidh an tArdionadaí ar na Ballstáit comhairle a chur ar fáil, trí líonra an Ollstruchtúir Freagartha ar Bhagairtí Spáis, maidir leis na héifeachtaí is dócha a bheidh ag na bearta teicniúla atá beartaithe ag an Ardionadaí a mholadh ar úsáideoirí rialtais na mBallstát.

4. I gcás inarb iomchuí, mar chuid den bheart teicniúil dá dtagraítear i mír 1, cuirfear faisnéis ábhartha ar fáil d'úsáideoirí a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh.

Airteagal 7

Gníomhaíochtaí cumarsáide straitéisí

1. I gcás bagairt spáis, féadfaidh an tArdionadaí, mar chuid den fhreagairt ón Aontais, plean gníomhaíochta cumarsáide straitéisí a mholadh chun tacú le cuspóirí an Chinnidh seo.

2. Cuirfear an plean gníomhaíochta cumarsáide straitéisí sin chun feidhme ar bhealach tráthúil, comhleanúnach agus comhréireach, i gcomhréir le cuspóirí na freagartha ón Aontas agus i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, le SEGS, leis an gCoimisiún, leis an nGníomhaireacht agus, i gcás inarb ábhartha, leis na struchtúir faireacháin slándála arna gceapadh.

3. Déanfaidh SEGS measúnú ar an tionchar níos leithne is dócha a bheidh ag an bplean gníomhaíochta cumarsáide straitéisí a bheartóidh an tArdionadaí a mholadh don Chomhairle de bhun mhír 1.

Airteagal 8

Bearta Sriantacha

1. I gcás bagairt spáis, féadfaidh an tArdionadaí a mholadh don Chomhairle bearta sriantacha a ghlacadh a dhíríonn ar dhaoine agus ar eintitis ábhartha d'fhonn aghaidh a thabhairt ar bhagairt sin agus leasanna bunúsacha an Aontais a choimirciú.

2. Déanfaidh SEGS measúnú ar thionchar na freagartha atá beartaithe a bhfuil sé ar intinn ag an Ardionadaí a mholadh don Chomhairle de bhun mhír 1.

Airteagal 9

Misin agus oibríochtaí an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta

1. I gcás bagairt spáis a thagann ó chríoch tríú tír, féadfaidh an tArdionadaí a mholadh don Chomhairle sainordú mhisin nó oibríochtaí ábhartha an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta (CBSC) a mhodhnú nó misean nó oibríocht nua CBSC a bhunú.

2. Féadfar a áireamh sa sainordú modhnaithe comhairle shibhialta nó mhíleata agus cúraimí cúnaimh sibhialta nó míleata, cosc sibhialta nó míleata, oiliúint shibhialta nó mhíleata nó cúraimí feidhmiúcháin sibhialta nó míleata, de réir mar is gá.

3. Déanfaidh SEGS measúnú ar an tionchar a bheidh ag an bhfreagairt atá beartaithe, freagairt a bheartóidh an tArdionadaí a mholadh don Chomhairle de bhun mhír 1.

ROINN 3

AN ULLMHACHT

Airteagal 10

Nósanna imeachta oibríochtúla

1. Ullmhóidh an tArdionadaí na nósanna imeachta oibríochtúla is gá chun na forálacha a leagtar amach sa Chinneadh seo maidir leis na freagairtí ón Aontas dá dtagraítear in Airteagail 5 go 9 a chur chun feidhme go praiticiúil agus cuirfidh sé faoi bhráid an Choiste Pholaitiúil agus Slándála iad lena bhformheas. Chun na críche sin, gheobhaidh an tArdionadaí tacaíocht ó shaineolaithe ó na Ballstáit, ón gCoimisiún, ón nGníomhaireacht agus ón struchtúr faireacháin slándála ábhartha arna cheapadh, de réir mar is iomchuí.

2. Féadfar a áireamh ar na nósanna imeachta oibríochtúla dá dtagraítear i mír 1 treoracha réamhshainithe a bheidh le cur chun feidhme ag SEGS, an Ghníomhaireacht nó aon struchtúr faireacháin slándála ábhartha arna cheapadh, de réir mar is iomchuí.

3. Laistigh de bhliain amháin tar éis d'fhoirmíocht an choiste arna bhunú faoi Airteagal 107(1), pointe (e), de Rialachán (AE) 2021/696 a chinneadh, ar bhonn na hanailíse riosca agus bagartha arna déanamh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 34(2) de Rialachán (AE) 2021/696, faoin nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 107(3) de, cé acu atá nó nach bhfuil córas arna chur ar bun nó seirbhís arna soláthar faoi chomhpháirt ar leith de Chlár an Aontais, nó an córas agus an tseirbhís araon, íogair ó thaobh na slándála de, ullmhóidh an Ghníomhaireacht na nósanna imeachta is gá chun na forálacha a leagtar amach in Airteagal 6 sa Chinneadh seo a mhéid a bhaineann leis an gcóras nó leis an tseirbhís ábhartha, nó iad araon, a chur chun feidhme go praiticiúil agus cuirfidh sí faoi bhráid an Ardionadaí iad. Chun na críche sin, gheobhaidh an Ghníomhaireacht tacaíocht ó shaineolaithe ó na Ballstáit, ón gCoimisiún, ó SEGS agus ón struchtúr faireacháin slándála ábhartha arna cheapadh, de réir mar is iomchuí.

4. Athbhreithneoidh an tArdionadaí na nósanna imeachta oibríochtúla gach 2 bhliain ar a laghad, go háirithe mar thoradh ar phróiseas athbhreithnithe ceachtanna foghlamtha tar éis cleachtadh bliantúil ar chur chun feidhme an Chinnidh seo, nó ar iarraidh ó Bhallstát, agus cuirfear faoi bhráid an Choiste Pholaitiúil agus Slándála iad lena bhformheas.

5. Cuirfidh an tArdionadaí an Coiste Polaitiúil agus Slándála ar an eolas uair sa bhliain ar a laghad faoi na gníomhaíochtaí leantacha a dhéantar chun an Cinneadh seo a chur chun feidhme go praiticiúil.

Airteagal 11

Comhar le tríú Stáit agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta

1. Chun an leas is mó is féidir a bhaint as an tionchar a bheidh ag na freagairtí a leagtar amach sa Chinneadh seo, spreagfaidh an tAontas, *inter alia*, tríú Stáit agus eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha chun faisnéis maidir le bagairtí spáis a chomhroinnt, freagairtí ar bhagairtí spáis a chomhordú leis an Aontas, agus rannpháirtíocht fhrithpháirteach i ngníomhaíochtaí agus freachnaimh spáis a spreagadh.

2. Beidh an t-údarás ag an Ardionadaí socruithe riaracháin a thabhairt i gcrích le heagraíochtaí inniúla tríú Stáit agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha maidir lena gcomhar chun an Cinneadh seo a chur chun feidhme. Beidh na socruithe sin faoi réir a bhformheasta ag an gComhairle ag gníomhú di d'aon toil.

3. I gcás ina gceanglaítear leis an gcomhar le tríú Stáit nó le heagraíochtaí idirnáisiúnta go mbeidh rochtain acu ar fhaisnéis rúnaicmithe AE, ní fhéadfar an rochtain sin a thabhairt ach amháin de bhun comhaontuithe nó socruithe a thabharfar i gcrích i gcomhréir le rialacha slándála na Comhairle.

Airteagal 12

Líonra STRA

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun cur chun feidhme an Chinnidh seo a áirithiú ina réimse freagrachta féin ar bhealach atá comhsheasmhach, *inter alia*, le hAirteagal 34(6), pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/696.

2. Chun críoch na chéad fomhíre, ainmneoidh na Ballstáit pointí teagmhála. Féadfaidh sé gur daoine nádúrtha nó dlítheanacha iad na pointí teagmhála sin.

3. Beidh rochtain ag gach pointe teagmhála ainmnithe ar chóras slán físchomhdhála a bheidh le cinneadh ag an gComhairle.

Airteagal 13

Athbhreithniú

Athbhreithneoidh an Chomhairle na rialacha agus na nósanna imeachta a leagtar amach sa Chinneadh seo, agus de réir mar is gá leasóidh sí iad, tráth nach déanaí ná 5 bliana ó dháta a theacht i bhfeidhm nó ar iarraidh ó Bhallstát.

Airteagal 14

Forálacha idirthréimhseacha

Aisghairtear leis seo Cinneadh (CBES) 2021/698.

Leanfaidh na nósanna imeachta oibríochtúla a forbraíodh faoi Chinneadh (CBES) 2021/698 de bheith infheidhme go dtí go nuashonrófar iad faoin gCinneadh seo.

Airteagal 15

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Meán Fómhair 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

K. KALLAS